


# Tuarascáil Iarchomhairliúcháin ar phleananna forbartha Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh 2025/2026

Achoimre Fheidhmeach

# 1. Achoimre Fheidhmeach

Cuireann an tuarascáil seo i láthair na torthaí a d'eascair ó phróiséas comhairliúcháin poiblí cheithre seachtaine ar an Plean Rialaithe Forbartha (PRF) d'Ospidéal Ollscoile, Gaillimh (UHG) atá á chur i bhfeidhm ag UHG i gcomhaontú leis an Roinn Sláinte agus le cead ó Bhord Fheidhmeannach na Seirbhísí Sláinte (FSS).

Leagann an plean seo amach treoir maidir leis na hathruithe atá le déanamh ar champas UHG le féachaint chuige go mbeidh an t-ospidéal in ann freastal ar na riachtanais cúram sláinte as seo go dtí an bhliain 2045. Áirítear bunáit héileapad buan agus saoráidí cliniciúla den scoth leis an tionscadal seo.

Lean an próiséas comhairliúcháin ó Luan, 24 Samhain go hAoine, 19 Nollaig 2025 agus é mar sprioc aige aiseolas ionchuimsitheach a lorg le treoir a thabhairt don chéad chéim eile den phlean.

Bhí an rannpháirtíocht forleathan agus é ag feidhmiú ar ilchainéil. Mar a léirítear i bhFigiúr ES1: Achoimre Rannpháirtíochta, fuarthas 157 aighneacht ar an iomlán, 94% acu ar líne (148) agus sé faoin gcéad i bhfoirm scríbhinn (9), péire as Gaeilge san áireamh. Lena chois sin, chuaigh foireann an tionscadail i dteagmháil go díreach le breis is 247 rannpháirtí a d'fhreastal ar naoi n-imeacht agus seisiún, ag nascadh seisiún sprioceolais, seimineáir ar líne agus dhá imeacht 'buail isteach' don phobal.

Chun feasacht a mhúscailt, rinneadh breis is 33,000 bileog a sheachadadh chuig breis is 9,000 maoin laistigh den limistéar comhairliúcháin (féach Aguisín I do mhiondealú na gceantar). Cuireadh eolas suas chun dáta ar fáil don phobal ar shuíomh idirlín thionscadal an ospidéil agus trí chainéal ríomhphoist tiomnaithe.




*Figiúr ES-1: Achoimre rannpháirtíochta*


**Feasacht agus Taithí**

Ar an iomlán bhí feasacht ar an PRF láidir le 63 faoin gcéad de na freagróirí a bhí ar an eolas faoin bplean (22 faoin gcéad an-fheasach; 41 faoin gcéad feasach air, beagáinín), 26 faoin gcéad a chuala faoi, ach gan mórán sonraí a bheith acu, agus 11 faoin gcéad gan eolas ar bith acu air.

Ag trácht ar an tsástacht leis an eolas a cuireadh ar fáil léirigh 40 faoin gcéad de na freagróirí go raibh siad sásta nó an-sásta, 34 faoin gcéad neodrach, agus 26 faoin gcéad míshásta. Bhraith tromlach na rannpháirtithe go raibh siad in ann cur leis, agus thuairiscigh 72 faoin gcéad go raibh deis acu a dtuairimí a roinnt (30 faoin gcéad Bhí; 42 faoin gcéad Bhí beagáinín).

**Príomhthorthaí**

Rinneadh athbhreithniú ar an aiseolas ar fad agus cuireadh é i ngrúpaí de réir chúig phríomhthéama mar atá léirithe i bhFigiúr ES2: Miondealú na nAighneachtaí de réir na bPríomhthéamaí. Ba é an téama ba láidre, tábhacht an tionscadail don phobal áitiúil, ina dhiaidh sin, léiríodh spéis sa héileapad atá molta. Chuir go leor freagróirí béim freisin ar an úsáid a bhainfeadh an pobal as an talamh fóillíochta a bheadh fágtha, ar thorthaí inmhianaithe ón bplean forbartha agus ar an tacaíocht fhoriomlán don togra.




***Figiúr ES2: Miondealú na nAighneachtaí de réir na bPríomhthéamaí***

**Tacaíocht don Phlean**

Bhí leibhéal ard tacaíochta ann don phlean, a cuireadh chun cinn. Tacaíonn 45 faoin gcéad de na freagróirí go mór leis, tacaíonn 24 faoin gcéad leis beagáinín,13 faoin gcéad neodrach, seacht faoin gcéad nach dtacaíonn go mór leis agus tuairim is cúig faoin gcéad nach dtacaíonn leis.

Ar an iomlán, léirigh na tuairimí tacaíocht láidir d'fhorbairt an ospidéil, atá bunaithe ar an tuiscint choitianta go bhfuil na háiseanna faoi láthair as dáta agus nach mbeidh siad in ann freastal ar dhaonra atá ag fás.

Téama ab ea uasghrádú ar sheirbhísí éigeandála a tháinig chun cinn arís agus arís eile. Luadh é in 66 faoin gcéad de na freagraí, agus facthas róphlodú sa Rannóg Éigeandála mar bhaol criticiúil do shábháilteacht an othair. Leag thart ar 60 faoin gcéad de na tuairimí béim ar an ngéarghá a bhí le nuachóiriú a dhéanamh agus acmhainní a mhéadú. Bhí go leor an tuairim nach raibh an t-ospidéal oiriúnach don fheidhm atá leis agus iad ag díriú ar an ngá atá le háiseanna a sheasfadh an aimsir.

**Saincheisteanna Tábhachtacha Eile**

**Páirceáil agus rochtain**

Tharraing freagróirí aird ar imní shuntasach maidir le páirceáil agus rochtain. Rinneadh cur síos ar an socrú atá ann faoi láthair a mheastar a bheith strusmhar, costasach agus easnamhach. I measc na moltaí is mó a tháinig chun cinn bhí; páirceáil saor in aisce d'othair, feabhas a chur ar áiseanna 'tuirling amháin' agus naisc iompair phoiblí a fheabhsú. Chuir go leor béim freisin ar an ngá atá leis an acmhainn pháirceála a mhéadú. Tagann na moltaí seo leis an PRF, ina bhfuil plean do pháirceáil faoi thalamh laistigh de bhunurláir fhoirgneamh nua, agus é beartaithe léibhéil dhúbáilte íoslaigh a thógáil áit a bhfuil sé indéanta agus thart ar 400 spás páirceála a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm ag an bhfoireann tionscadail an líon is mó spásanna a cheadaíonn an t-údarás áitiúil a bhaint amach tríd an bpróiseas pleanála.

**Soláthair meabhairshláinte**

Cé gur rinneadh achainní arís agus arís eile an tseirbhís meabhairshláinte a neartú, lena n-áirítear moltaí d'aonad tiomnaithe Éigeandála Meabhairshláinte, ionad cúraim géarchéime 24/7, agus acmhainn mhéadaithe i bhfoirm leapacha breise agus sainfoirne, níl na moltaí seo indéanta laistigh den mhúnla reatha. Tá an múnla seirbhíse dírithe ar thacaíochtaí pobalbhunaithe a fhorbairt, leis an ngá freastal ar an Rannóg Éigeandála a laghdú agus an bonneagar RE dóibh siúd a fhreastalaíonn uirthi a fheabhsú.

**Suíomh Héileapad:**

D'ardaigh an suíomh atá beartaithe don héileapad imní a bhain le torann, trácht agus laghdú ar áiseanna pobail. D'iarr na freagróirí míniú soiléir ar an gcionsiocair a roghnaíodh an suíomh agus dearbhuithe go ndéanfaí bearta, a laghdódh an tionchar a bheadh aige ar an bpobal.

Léirítear tiomantas foirne an tionscadail aghaidh a thabhairt ar na cúinsí seo sa mheasúnú ilchritéarach mionsonraithe a rinneadh roimh ré, a raibh baint ag FSS Caipiteal agus Eastáit, foireann chliniciúil, an tSeirbhís Náisiúnta Otharchairr agus saineolaithe eitlíochta leis, chun a chinntiú go ndearnadh measúnú ar shuíomhanna féideartha i bhfianaise sábháilteachta, riachtanais chliniciúla agus tionchair ar an bpobal.

Is tríd an measúnú seo a roghnaíodh an rogha suíomh a thiocfadh leis an gcritéir uilig, maidir le cúram Cliniciúil, Bonneagair agus Sábháilteacht Eitlíochta agus a chuireann cúram criticiúil atá riachtannach d'aistriú sábháilte agus tapa d'othair ar fáil don cheantar in aice láimhe.

Mar achoimre, cé gur aithníodh go forleathan an gá a bhí le nuachóiriú agus le méadú acmhainní, thug na freagróirí le fios go gcaithfidh an plean dul i ngleic le roinnt saincheisteanna criticiúla: rophlódú sa Rannóg Éigeandála, seirbhísí meabhairshláinte, páirceáil agus rochtain, agus an tionchar a bheadh ag héileapad ar an bpobal áitiúil.

Measadh go raibh cumarsáid shoiléir agus tiomantais infheicthe sna réimsí seo riachtanach le muinín a chothú agus le léiriú go raibh tionchar ag ionchur an phobail ar an tionscadal.

Ar an iomlán léirigh an próiséas comhairliúcháin go raibh rannpháirtíocht tréan agus tacaíocht leathan do na pleananna forbartha, agus d’aithin sé na príomhréimsí a d’fhéadfaí a fheabhsú le cinntiú go mbeidh ospidéal cuimsitheach, inniúil agus pobaldhírithe ann amach anseo mar thoradh ar an tionscadal.

